# Saol Ella

## Eipeasóid 4: Ceacht 1

Tá an ceacht seo bunaithe ar an gclár *Saol Ella* – Eipeasóid 4: Cuid 1 **(00:00 – 11:56).**
Tá an mhír físe ar fáil ag: **https://snas.ie/lessons/eipeasoid-4-ceacht-1/**

**A. RÉAMHOBAIR**

Sula mbreathnóidh tú ar an mír físe, pléigh na ceisteanna seo a leanas:

1. Tá Dan ag iarraidh go mbeidh **lá teaghlaigh** ag Muintir Uí Bhaoill ag na rásaí Dé Domhnaigh. Bunaithe ar a bhfuil ar eolas agat faoi Dan, cén fáth a bhfuil an lá teaghlaigh seo uaidh?
2. Is cosúil gur **féile** mhór áitiúil í **Lá Rásaí na gCurach** san eipeasóid seo. An mbíonn aon fhéile mhór áitiúil ar siúl i do cheantar féin nó ar fhreastail tú ar aon fhéile den chineál sin riamh? Céard a bhí ar siúl ann? Cén saghas atmaisféir a bhí ann?
3. Tá Liam ag tabhairt aire d'**ainmhithe neamhghnácha** san eipeasóid seo. An dóigh leat go n-éireoidh leis rún a choinneáil óna Dhaid go bhfuil ainmhithe á gcoinneáil aige?






snas.ie
© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**B. CLUASTUISCINT**

Anois, féach ar an mír físe agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén chúis ghearáin atá ag Saorla i dtaobh Josh?

2. Céard é an rud *is mó* a bhfuil spéis ag Liam ann san eipeasóid seo?
    a. liathróidí peile
    b. ainmhithe neamhghnácha
    c. airgead
    d. bia



3. Ar dtús, ní thugann Dan cead d'Ella Josh a thabhairt léi chuig Lá Rásaí na gCurach. Cén fáth a dtagann athrú intinne air?


4. Cén fáth nach bhfuil Saorla sásta aire a thabhairt do Jaws?

5. Cén áit a gcoimeádann Liam na hainmhithe a bhfuil sé ag tabhairt aire dóibh?
    a. ina sheomra codlata
    b. sa chistin
    c. sa ghairdín
    d. sa tseid

6. Cé acu ceann de na habairtí seo is fearr a dhéanann cur síos ar dhearcadh Liam ar an bpógadh?
    a. Tá an ghráin aige ar an bpógadh.
    b. Tá spéis aige ann.
    c. Is cuma leis faoin bpógadh.
    d. Tá eagla air roimh an bpógadh.

7. Níl Ella sásta go bhfuil na hainmhithe neamhghnácha á gcoinneáil ag Liam.
    a. Fíor
    b. Bréagach








snas.ie © Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**C. STÓR FOCAL & SAIBHREAS TEANGA**

1. Féach ar na frásaí thíos ón mír a bhfuil **cló trom** orthu. Céard is brí leo?


| | |
|---|---|
| a. **Is fada liom uaim é**! | |
| b. Ní bheidh **duine ná deoraí** ag an gcréatúr. | |
| c. ar feadh **stáire** | |
| d. **... bíodh a fhios agat**! | |
| e. Tá mé **mór leis**. | |
| f. **Scuabaigí libh go beo**! | |
| g. Ní gá é a **bheathú** arís. | |
| h. Is maith leis dul **ag spaisteoireacht**. | |
| i. **As ucht Dé**! | |
| j. Beidh Daid **le ceangal**. | |



2. Léiríonn a lán daoine go bhfuil **eagla** orthu sa chlár seo. Aimsigh **cúig fhocal/ fhrása** san fhoclóir a chuireann eagla in iúl. Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

| |
|---|
| a. |
| b. |
| c. |
| d. |
| e. |







snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**D. LÉAMHTHUISCINT: TUAIRISC NUACHTA**

Léigh an **Tuairisc** seo faoi Josh Ó Ceallaigh agus freagair na ceisteanna a bhaineann léi.

Cad é mar ócáid! Beifear ag caint faoin gcomórtas seo go ceann i bhfad. An chraobh dhomhanda sa rince Gaelach a bhí ar siúl sa 3Arena i mBaile Átha Cliath an ócáid a bhí ann. Bhí an t-atmaisféar ar tinneall. Thosaigh na sluaite ag bailiú lasmuigh den airéine ó mhoch maidin Dé Sathairn agus iad ar fad ar bís chun an rinceoir Gaelach is fearr ar domhan, Josh Ó Ceallaigh na hArdchathrach, a fheiceáil.



Tá clú Josh imithe i bhfad is i gcéin faoin am seo. Faoi bhun dhá bhliain ó shin a thosaigh aistear Josh nuair a chonaic gníomhaire ar an rince Gaelach é i mbun rince i gColáiste Mhaigh Rua i gConamara. Dúirt an gníomhaire ag an am gur baineadh stangadh as nuair a chonaic sé Josh ag rince; ní fhaca sé luas chomh tapa sin faoi dhuine ó bhí ré Mhicheal Flatley ann. Tá saol Josh sa rince Gaelach imithe ó neart go neart ó shin.

Is in iomaíocht le triúr eile de mhór-rinceoirí shaol an rince Ghaelaigh a bhí Josh Dé Sathairn seo caite. Ba é Josh an rinceoir deireanach a chuaigh amach ar an stáitse. 9.5 a bhronn na moltóirí ar an triúr eile; mar sin, bhí Josh faoi bhrú agus é ag prapáil le dul amach ar an stáitse. Bhí a fhios aige go mbeadh ar a thaispeántas a bheith foirfe amach is amach chun go dtabharfadh sé an corn leis.

B'in go díreach an rud a rinne sé. Ag rince ar feadh seacht nóiméad a bhí sé agus ní dhearna sé oiread agus botún amháin le linn an ama sin. Thug sé ard-taispeántas uaidh ó thús go deireadh. Bhí colainn Josh ó bhaithis go bonn i dtiúin go hiomlán le rithim an cheoil. Bhí saoirse, solúbthacht agus scafántacht sna cosa aige. Ba léir do chách go raibh sé lán de mhuinín. Ba léir chomh maith go raibh sé ag baint sárthaitneamh as an ócáid. Níor chuir an brú isteach ná amach air.

Bhí an slua leis ón tús. Nuair a chríochnaigh sé an rince sheas an slua agus thug na gártha molta dó. Go gairid ina dhiaidh sin, bhronn na moltóirí uilig deich as deich air agus thug sé leis craobh an domhain sa rince Gaelach. A leithéid d'oíche!

1. Cén saghas atmaisféir a bhí le brath mórthimpeall an 3Arena? Roghnaigh an ráiteas is fearr ón liosta thíos.
    a. Bhí sceitimíní san aer.
    b. Bhí an slua ag éirí mífhoighneach.
    c. Atmaisféar gruama a bhí ann.
    d. Bhí imní ar dhaoine.





snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

2. Cén **bua is mó** a chonaic an gníomhaire rince i Josh? Roghnaigh an ráiteas is fearr ón liosta thíos.
    a. Bhí sé an-tógtha le hairde Josh.
    b. Scafántacht na gcos a bhí ag Josh a chuir iontas air.
    c. Chuaigh neart Josh i bhfeidhm air.

3. Féach ar na frásaí Béarla seo thíos agus aimsigh an leagan Gaeilge díobh sa téacs:
    a. the world championship
    b. agent
    c. he was shocked
    d. journey
    e. fame
    f. getting ready
    g. from head to toe
    h. It was clear to everyone
    i. shouts of praise
    j. the cup



4. Roghnaigh **dhá abairt** ón téacs a léiríonn go raibh Josh ag baint sult as an seó.

| |
|---|
| a. |
| b. |

5. Cén abairt thíos ***is fearr*** a dhéanann cur síos ar an gcaoi ar ghlac an lucht féachana le taispeántas Josh?
    a. D’fhan an slua ina suí gan gíog ná míog astu ag deireadh an taispeantáis.
    b. Thug corrdhuine ón slua bualadh bos ag deireadh an taispeántais.
    c. Tugadh bualadh bos mór groí dó ag deireadh an taispeántais.

6. Roghnaigh **an cheannlíne *is fearr*** a chuireann síos ar ábhar an ailt seo:
    a. Josh Ó Ceallaigh –  curadh na hÉireann
    b. Josh Ó Ceallaigh – ó réalta choláiste samhraidh sa Ghaeltacht go réalta dhomhanda
    c. Josh Ó Ceallaigh – fear lúth na gcos a fuair an duais thánaisteach
    d. Josh Ó Ceallaigh – an rinceoir cáiliúil nár bhain barr a chumais amach





snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**E: SCRÍBHNEOIREACHT**

Cuireann Josh agus Ella a lán **teachtaireachtaí téacs** chuig a chéile sa tsraith seo. Breathnaigh ar an teachtaireacht seo.

> Haigh a Josh,
> Chuala mé nach féidir le do thuismitheoirí teacht go Conamara an Domhnach beag seo. Caithfidh go bhfuil díomá ort. Tá sé i gceist agam féin agus ag mo theaghlach dul chuig Lá Rásaí na gCurach a bheidh ar siúl thíos ag an gcaladh. Beidh sé iontach. Téimid ann gach uile bhliain agus bíonn an-spraoi ann. Tosóidh sé ag a 10 a chlog ar maidin agus beimid ar ais sa bhaile faoi 2 a chlog ar a dhéanaí. Ar mhaith leat teacht linn? Bheadh fearadh na fáilte romhat. Cad a déarfá? El. X



Anois, lig ort gur tusa Treas. Scríobh teachtaireacht (thart ar 100 focal) chuig Naoise ag tabhairt cuireadh dó dul isteach go Gaillimh leat lá éigin an tseachtain seo chugainn. Luaigh na nithe seo a leanas sa téacs:

- Cén fáth a bhfuil tú ag iarraidh dul isteach sa bhaile mór?
- Céard is gá duit a cheannach ann?
- Cén áit a rachaidh sibh chun lóin?
- An modh taistil a úsáidfidh sibh.





snas.ie © Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**FREAGRAÍ AGUS TREOIR**

**A. RÉAMHOBAIR**

Is féidir na ceisteanna seo a phlé le chéile ag tús an ranga le cabhrú leis na daltaí réamheolas ábhartha faoin mír físe a thabhairt chun cuimhne sula mbreathnaíonn siad uirthi.

**B. CLUASTUISCINT**



1. Tá sé an-tógtha leis féin, dar léi.
2. b. ainmhithe neamhghnácha
3. Deir Mamó leis cead a thabhairt d'Ella Josh a thabhairt léi.
4. Tá an ghráin aici ar Jaws.
5. d. sa tseid
6. a. Tá an ghráin aige ar an bpógadh.
7. Fíor

**C. STÓR FOCAL & SAIBHREAS TEANGA**

1. Míniú ar na frásaí a bhfuil cló trom orthu:

| | |
|---|---|
| a. **Is fada liom uaim é**! | ***I can't wait for it!*** |
| b. Ní bheidh **duine ná deoraí** ag an gcréatúr. | *The poor creature won't have **anyone**.* |
| c. ar feadh **stáire** | *for **ages**.* |
| d. **... bíodh a fhios agat**! | *... **I'll have you know**!* |
| e. Tá mé **mór leis**. | *I'm **close to him**.* |
| f. **Scuabaigí libh go beo**! | ***Get out of here quickly**!* |
| g. Ní gá é a **bheathú** arís. | *You don't need **to feed** him again.* |
| h. Is maith leis dul **ag spaisteoireacht**. | *He likes going **wandering**.* |
| i. **As ucht Dé**! | ***For the love of God**!* |
| j. Beidh Daid **le ceangal**. | *Dad will be **fit to be tied/ very angry**.* |





snas.ie © Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

2. Seo roinnt focal agus frásaí a bhaineann le heagla:

| | |
|---|---|
| Tá eagla/ scanradh/ faitíos orm roimh ... | *I'm afraid of ...* |
| Bhí mé sceimhlithe i mo bheatha.<br>Bhí eagla mo chraicinn orm.<br>Bhí faitíos mo chroí orm.<br>Bhí eagla an domhain orm. | *I was terrified.* |
| Bhain sé geit asam.<br>Chuir sé an croí trasna ionam. | *It frightened me.*<br>*It frightened the life out of me.* |
| Tá imní orm (faoi/ go ...)<br>Tá mé buartha (faoi/ go ...) | *I'm worried/ afraid (about/ that ...)* |
| Ar eagla na heagla<br>Ar fhaitíos na bhfaitíos | *Just in case* |



**D. LÉAMHTHUISCINT: TUAIRISC NUACHTA**

1. a. Bhí sceitimíní san aer.
2. b. Scafántacht na gcos a bhí ag Josh a chuir iontas air.
3. Frásaí ón téacs:
   a. the world championship – *an chraobh dhomhanda*
   b. agent – *gníomhaire*
   c. he was shocked – *baineadh stangadh as*
   d. journey – *aistear*
   e. fame – *clú*
   f. getting ready – *ag prapáil*
   g. from head to toe – *ó bhonn go baithis*
   h. It was clear to everyone ... – *Ba léir do chách ...*
   i. shouts of praise – *na gártha molta*
   j. the cup – *an corn*

4. D**há abairt** ón téacs a léiríonn go raibh Josh ag baint sult as an seó:
   a. Níor chuir an brú isteach ná amach air.
   b. Ba léir chomh maith go raibh sé ag baint sár-thaitnimh as an ócáid.
5. c. Tugadh bualadh bos mór groí dó ag deireadh an taispeántais.
6. b. Josh Ó Murchú – ó réalta choláiste samhraidh sa Ghaeltacht go réalta domhanda



**E: SCRÍBHNEOIREACHT**

Is féidir an cleachtadh seo a dhéanamh mar obair bheirte sa rang nó mar obair bhaile.


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad